

2015



Comóradh 10 mbliana

## COBHSAÍOCHT AIRGEADAIS A CHUR CHUN CINN CÁINIÓCÓIRÍ A CHOSAINT

2025

## DEICH MBLIANA D'ATHLÉIMNEACHT

Is é an **Sásra Réitigh Aonair (SRA)** an dara colún den Aontas Baincéireachta.

Cuireann sé cinnteoireacht láraithe agus neamhspleách ar fáil maidir le réiteach banc, ag áirithiú go gcosnaítear leas an phobail agus feidhmeanna eacnamaíocha criticiúla nuair a theipeann ar na bainc.

Le SRA, is féidir cinntí tapa éifeachtacha a dhéanamh ar fud an Aontais Baincéireachta – lena n-íoslaghdaítear rioscaí don chobhsaíocht airgeadais a íoslaghú agus lena gcuirtear teorainn leis an ngá atá le tacaíocht airgeadais phoiblí.

Institiúidí AE



Single  
Resolution  
Board

Údaráis Réitigh  
Náisiúnta (ÚRNanna)

## ATHLÉIMNEACHT TRÍ CHOMHORDÚ



### Bainistiú aontaithe géarchéime

Le SRA, déantar pleananna do bhainc atá ag loiceadh agus déantar iad a bhainistiú – ag freagairt le gníomhaíocht thapa chomhordaithe chun rioscaí a shrianadh agus cobhsaíocht airgeadais a choinneáil.

### Teipeanna bainc, ní tarrthálacha

Ní íocann cáiniocóirí a thuilleadh na costais a bhaineann le bainc atá ag loiceadh.


Ina ionad sin, ní mór do na bainc acmhainneacht ionsúcháin caillteanais a fhorbairt, agus déantar scairshealbhóirí agus creidiúnaithe a 'tharrtháil isteach' chun caillteanais a iompar.

Is féidir leis an gCiste Réitigh Aonair, arna mhaoiniú ag an tionscal baincéireachta agus arb ionann é anois agus EUR 80 billiún, tacú le réiteach éifeachtach nuair is gá.

## COBHSAÍOCHT AIRGEADAIS A CHUR CHUN CINN

### Muinín trí rialacha soiléire

Áirithíonn pleananna soiléire agus uirlisí tástáilte go n-imíonn na bainc as an margadh go rianúil. Is féidir déileáil le bainc atá i dtrioblóid - gan cur isteach níos leithne a spreagadh.



### CRUTHAITHE SA CHLEACHTAS

## BAINC LÁIDRE TAISCÍ SÁBHÁILTE CREAT IONTAOFA

Le hobair SRA, is fearr an acmhainn atá ag na bainc déileáil le géarchéim. Cuireann an tAontas Baincéireachta cosaint láidir ar fáil do thaisceoirí agus áirithíonn sé go gcosnaítear cáiniocóirí ar tharrthálacha stáit.

I dteannta a chéile, táimid ag tógáil  
córas airgeadais níos athléimní agus níos cobhsaí do chách